# Acmhainní tri Gaeilge don tSraith Shoisearach OSPS

| NASC | Cur sios |
|---|---|
| **HSE** | |
| **Acmhainní OSPS** | Forbraíodh na hacmhainní seo a leanas chun tacú le curaclam nuashonraithe OSPS na sraithe sóisearaí (2023).<br><br>Is le húsáid le scoláirí na chéad bhliana an chéad cheithre aonad foghlama. Níos mó le teacht! |
| **Webwise** | |
| **Acmhainní um Shábháilteacht Idirlín:** Faigh ceachtanna saor in aisce faoin gcibearbhulaíocht (**webwise.ie**) | Tá roinnt acmhainní múinteoireachta maidir le sábháilteacht idirlín curtha le chéile ag foireann Webwise. |
| **Royal College of Surgeons in Ireland** | |
| **Meabhairshláinte agus Folláine** | |
| **Mental Health Educate Youth Mental Health Animations**<br><br>**Leaganacha gaeilge le fáil ag an nasc seo.** | Sé bheochan (thart ar 1–2 nóiméad) ina ndéantar na heispéiris a bhaineann le bheith ag streachailt le himní, brath éagsúil, ísle brí, uaigneas, fulaingt ó bhulaíocht agus corpíomhá a fhiosrú. Arna fhoilsiú in éineacht le Royal College of Surgeons. |
| **Ionbhá tionscadal: Ollscoil na Gaillimhe** | |
| **https://www.universityofgalway.ie/cfrc/unesco-chair/activatingsocialempathy/asejuniorcycle/** | Comhbhá Shóisialta A Ghníomhú: **Áis OSPS na Sraithe Sóisearaí** |
| **Jigsaw** | |
| **Meabhairshláinte** | |
| **Cad is brí le meabhairshláinte?** | Tacaíonn an leathanach gréasáin seo le tuiscint maidir le meabhairshláinte agus folláine. |
| **Cásanna réalaíocha** | Cuireann an acmhainn seo spás sábháilte ar fáil do dhaoine óga le scéal duine éigin eile a thuiscint agus na rudaí a chabhraíonn agus a chuireann bac ar a meabhairshláinte agus a bhfolláine. |
| **Mhothúcháin a bhainistiú** | Acmhainn maidir le straitéisí éagsúla le mothúcháin a rialú. |
| **Féinchúram** | Is féidir le dúshláin a bhíonn roimh ár meabhairshláinte a bheith gairid, is féidir leo bheith ann ar feadh na mblianta, agus/nó teacht agus imeacht thar am. Céard atá ábalta cabhrú? |
| **Mo chuid láidreachtaí** | Trí úsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí, cabhraíonn an acmhainn seo le daoine óga breathnú orthu féin agus ar a dtimpeallachtaí le feabhas a chur ar an gcumas atá acu cabhair a lorg agus a bheith ceangailte le daoine. |

| BELONGTo | |
|---|---|
| Ag Fás Aníos mar Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach<br><br>**GULGBT Irish.pdf** (pdst.ie) | Tá sé mar aidhm ag an acmhainn freisin tuiscint níos fearr a fhorbairt i ndaoine óga maidir le bheith mar LADT, feasacht a mhúscailt maidir le ceisteanna a bhaineann le teacht amach, comhionannas agus meas a chothú laistigh de chreat um chearta an duine, agus eolas a chur ar fáil maidir leis na heagraíochtaí tacaíochta cuí |

**The Council for the Curriculum, Examinations & Assessment (CCEA)**
**Northern Ireland curriculum resources**

Forbraíodh na hacmhainní seo do churaclam Thuaisceart Éireann agus beidh ar mhúinteoirí bheith cúramach agus iad ag roghnú ceachtanna le húsáid le curaclam CNCM.

B'fhéidir go mbeadh gá le hoiriúnú.

| Toiliú | |
|---|---|
| **Unit 1:** Consent in Relationships<br><br>**Aonad 1: Toiliú (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin gcuma a bhíonn ar thoiliú i ndlúthchaidrimh phearsanta agus faoin gcaoi leis na difríochtaí idir toiliú agus smacht a aithint.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 2:** What Does Consent Mean and Why is it Important in a Healthy Relationship?<br><br>**Aonad 2: Toiliú (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimíonn na daltaí go bhfuil caidreamh sláintiúil bunaithe ar chomh-mheas agus muinín, agus conas toiliú a aithint trí focail agus teanga choirp.<br><br>Is i mBéarla atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |

| Frithghiniúint | |
|---|---|
| **Unit 1:** What is Contraception and How do I Make the Right Choice?<br><br>**Aonad 1: Forbairtí Maidir Le Frithghiniúint (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin gciall atá le frithghiniúint agus fiosróidh siad an réimse modhanna frithghiniúna atá ar fáil faoi láthair, chomh maith leis na buntáistí, míbhuntáistí agus baoil a bhaineann le gach ceann acu.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 2:** Taking Control of My Sexual Health and Wellbeing<br><br>**Aonad 2: Forbairtí Maidir Le Frithghiniúint (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga maidir le machnamh a dhéanamh ar fhrithghiniúint de réir a gcuid luachanna pearsanta, cultúrtha agus/nó creidimh féin. Foghlaimeoidh siad conas cinntí eolacha faoi fhrithghiniúint shábháilte agus éifeachtach a dhéanamh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na baoil a bhíonn ann do dhaoine óga atá gníomhach go gnéasach nuair nach n-úsáideann siad frithghiniúint.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |

| | |
|---|---|
| **Unit 3:** What is the Future of Contraception?<br><br>**Aonad 3: Forbairtí Maidir Le Frithghiniúint (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, déanfaidh daoine óga iniúchadh ar na forbairtí atá déanta le déanaí i bhfrithghiniúint agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo seo, agus tuigfidh siad go bhféadfadh tuairimí agus creidimh dhifriúla maidir le cathain a thosaíonn an saol tionchar a imirt ar chinntí maidir le húsáid roinnt frithghiniúnach.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 5:** Online Abuse and Sexting<br><br>**Aonad 1: Drochíde sa Teaghlach (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin téarma 'gnéastéacsáil', na dlíthe a bhaineann leis i dTuaisceart Éireann, na baoil agus tionchar a bhaineann leis, agus an chaoi ar féidir le daoine ar íospartaigh na gnéastéacsála nó an drochíde ar líne iad cabhair agus tacaíocht a lorg.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Léiriú Gnéasachta agus Caidrimh Shláintiúla agus Dhearfacha** | |
| **Unit 1:** The Characteristics of Positive Relationships<br><br>**Aonad 2: Caidrimh Shláintiúla (Leathanaigh Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga conas réimse caidreamh a aithint agus a phlé, conas is féidir leo athrú thar am, agus na tréithe a dhéanann eispéireas dearfach de chaidreamh.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 2:** What Makes a Relationship Romantic or Sexual?<br><br>**Aonad 2: Caidrimh Shláintiúla (Leathanaigh Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin tábhacht a bhaineann leis an gcumarsáid i gcaidrimh, agus an chaoi le hidirdhealú a dhéanamh idir cairdeas agus caidreamh rómánsúil nó gnéasach, agus chomh maith leis sin, gheobhaidh siad tuiscint ar na dúshláin agus ar an mearbhall a bhraitear.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 3:** How Do I Recognise an Unhealthy Relationship?<br><br>**Aonad 2: Caidrimh Shláintiúla (Leathanaigh Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga conas iompar sláintiúil agus míshláintiúil i gcaidrimh rómánsúil nó gnéasach a aithint. Foghlaimeoidh siad freisin conas braistintí, mothúcháin, agus iarmhairtí a d'fhéadfadh teacht ó chaidreamh diúltach nó míshláintiúil a fhiosrú, chomh maith leis na himpleachtaí dlí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cinntí a dhéantar i gcaidrimh.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |

| | |
|---|---|
| **Unit 4:** Managing Relationship Issues<br><br>**Aonad 2: Caidrimh Shláintiúla (Leathanaigh Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin tábhacht a bhaineann le bheith réidh le bheith i gcaidreamh rómánsúil nó gnéasach, conas teorainneacha sláintiúla a leagan síos, conas straitéisí a fhorbairt le 'níl mé réidh' a rá mura bhfuil siad réidh, agus conas tacaíocht agus comhairle a lorg má tá caidreamh diúltach nó míshláintiúil.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Sábháilteacht Ar Líne** | |
| **Unit 1:** Staying Safe Online<br><br>**Aonad 1: Sábháilteacht Ar Líne (Leathanaigh An Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoi théarmaíocht an idirlín, faoi iompar ar líne, cearta, freagrachtaí agus an dlí, agus straitéisí maidir le coimeád sábháilte.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 2:** Cyberbullying<br><br>**Aonad 2: Sábháilteacht Ar Líne (Leathanaigh An Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin gcibearbhulaíocht, faoina hiarmhairtí agus faoin gcaoi ar féidir le híospartaigh cabhair a fháil.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 3:** Sexting<br><br>**Aonad 3: Sábháilteacht Ar Líne (Leathanaigh An Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoina bhfuil i gceist le 'gnéastéacsáil', conas na brúnna íomhánna nó físeáin de chineál gnéasach a sheoladh a aithint, na hiarmhairtí pearsanta agus dlí (i gcomhthéacs Thuaisceart Éireann) atá ann, agus na straitéisí atá ann cur i gcoinne na mbrúnna íomhánna míchuí a roinnt.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Cúrsaí LADTA+** | |
| **Unit 1:** LGBTQ+ Identities and Terms<br><br>**Aonad 1: Cúrsaí LADTA+ (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga téarmaí a bhaineann le féiniúlachtaí LADTA+ agus an chaoi leis na téarmaí sin a úsáid go cuí agus go stuama ina scoil agus ina bpobal. Spreagtar scoláirí le cuimhneamh ar dhearcthaí daoine eile agus ceisteanna a chur maidir le dearcthaí éagsúla ar bhealach measúil agus ionchuimsitheach.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 2:** 'Coming Out'<br><br>**Aonad 2: Cúrsaí LADTA+ (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin gcibearbhulaíocht, faoina hiarmhairtí agus faoin gcaoi ar féidir le híospartaigh cabhair a fháil.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |

| Na Meáin Shóisialta agus a dTionchar ar Chaidrimh agus ar Fhéinmhuinín | |
|---|---|
| **Unit 1:** How Media May Affect Self-Esteem<br><br>**Aonad 1:** **Ná Meáin Shóisialta (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga na sainmhínithe atá ar na cineálacha éagsúla meán, an chaoi a gcuireann an úsáid a bhaineann na meáin as íomhánna a bhfuil athruithe déanta orthu brú ar dhaoine óga, agus na straitéisí atá ann le dul i ngleic leis na brúnna seo.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |
| **Unit 2:** Selfies and Self-Esteem<br><br>**Aonad 2:** **Ná Meáin Shóisialta (Leathanaigh an Dalta)** | San aonad seo, foghlaimeoidh daoine óga faoin sainmhíniú atá ar 'fhéinín', na cúiseanna atá ann le féiníní a ghlacadh agus a chur in airde, an chaoi ar féidir féinín a athrú, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo agus na straitéisí atá ann le dul i ngleic leis an mbrú a d'fhéadfadh féiníní a chruthú.<br><br>Is **i mBéarla** atá ábhar an chúrsa ach is féidir leis na scoláirí an t-aonad a phlé trí Ghaeilge ag baint úsáid as na bileoga oibre a chuirtear ar fáil. |